Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
National Library of Ireland

# Cairt Custaiméirí




## Is iad na tiomantais a dhéanaimid i dtaca leatsa ná:

1. Ár gcuid seirbhísí ar fad a sholáthar le dea-bhéasa agus go gairmiúil agus de réir na gcaighdeán is airde is féidir i gcónaí
2. Taithí chuairteora, staidéir agus taighde d´ardchaighdeán a thairiscint inár gcuid timpeallachtaí fisiciúla agus ar líne araon
3. A chinntiú go gcaithfear le gach úsáideoir agus le gach ball foirne mar a chéile agus go léirítear meas don éagsúlacht is go dtuigtear a luach
4. Cumarsáid a dhéanamh leat agus friotal á úsáid atá soiléir agus simplí
5. Freagra a thabhairt ar gach ceist ar bhealach atá tráthúil agus cuí
6. Seirbhísí poiblí agus faisnéis a sholáthar trí mheán na Gaeilge de réir mar is cuí



## Conas is féidir leat cabhrú linne cabhrú leatsa?

1. Trí thuairimí agus moltaí a sholáthar faoinár seirbhís
2. Trí thuairisciú aon cheisteanna a d’fhéadfadh teacht chun cinn
3. Trí pháirt a ghlacadh in aon suirbhéanna custaiméara a dhéanaimid
4. Trí bheith ag tabhairt an eolais ar fad dúinn a theastaíonn uainn chun cabhrú leat.

## Ó do thaobhsa de, iarraimid ort:

1. Cloí leis na rialacháin atá i bhfeidhm le haghaidh úsáid na leabharlainne agus na n-ábhar leabharlainne
2. Caitheamh lenár bhfoireann le dea-bhéasa agus le meas
3. Meas a bheith agat ar chearta na gcustaiméirí eile
4. Bheith cothrom agus macánta i do chaidreamh linn

## Is é an misean atá againn ná:

Cuimhne thaifeadta na hÉireann a bhailiú, a chosaint agus a chur ar fáil, agus muid ag tabhairt aire do bhreis is deich milliún mír, lena n-áirítear leabhair, lámhscríbhinní, nuachtáin, grianghraif, priontaí, léarscáileanna, líníochtaí, earraí inbhailithe, ceol agus méain dhigiteacha

## Is í an fhís atá againn ná:

Scéal na hÉireann a roinnt leat trínár gcuid bailiúchán ar leith

## Conas teagmháil a dhéanamh linn:

**Seoladh:** Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, 7-8 Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 P638
**Teileafón:** +353 (0)1 6030200 **R-phost:** info@nli.ie **Suíomh gréasáin:** www.nli.ie

Chun a chinntiú go mbeidh riachtanais agus ionchais an phobail fós á léiriú sa chairt seo, déanfar athbhreithniú uirthi go rialta maidir le hábharthacht agus tabharfar faoi mhórathbhreithniú gach trí bliana

Tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann faoi réir ag reachtaíocht Saorála Faisnéise. Is féidir aon cheisteanna faoi shaoráil faisnéise a chur chuig foi@nli.ie

Tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann faoi réir ag reachtaíocht um Chosaint Sonraí. Is féidir aon cheisteanna faoi chosaint sonraí a chur chuig dataprotection@nli.ie